NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10808 – BROOKFIELD / HOMESERVE PLC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 315/05)

1. An 5 Lúnasa 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Hestia Bidco Limited ("Hestia", Ceanada), atá á rialú ag Brookfield Asset Management Inc. ("Brookfield", Ceanada),

— HomeServe plc ("HomeServe", an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Hestia rialú ar HomeServe ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc. Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda é Brookfield a rialaíonn roinnt cuideachtaí punainne lena n-áirítear Thermondo ar cuideachta é atá bunaithe sa Ghearmáin agus atá speisialaithe i suiteáil téitheoirí, gaireas aerála agus aerchóiriúcháin ("HVAC"), agus teaschaidéal.

— Cuireann Homeserve seirbhísí ar fáil i dtaca le suiteáil HVAC agus teaschaidéal i dtithe. Cuireann sé seirbhísí cothabhála tí agus cúnamh éigeandála ar fáil freisin (go príomha cúnamh a bhaineann le pluiméireacht, téamh agus earraí leictreacha), cúnamh i dtaca le héilimh árachais tí mar aon le margadh ar líne chun cuidiú le húinéirí tí ceardaithe áitiúla a aimsiú ar éileamh chun cuidiú le deisiúcháin agus feabhsuithe baile. San Aontas Eorpach, tá HomeServe gníomhach sa Bheilg, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, i Málta, sa Phortaingéil agus sa Spáinn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10808 – BROOKFIELD / HOMESERVE PLC

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË